TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
COLLINS
arna tabhairt an 4 Deireadh Fómhair 2024[1]

Cás C-181/23

an Coimisiún Eorpach
v

Poblacht Mhálta

(Mainneachtain Bhallstáit oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 20 CFAE agus Airteagal 4(3) CAE — Scéim saoránachta d'infheisteoirí — Eadóirseacht náisiúnach tríú tír mar mhalairt ar íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhchinntithe — Éagmais fíornaisc idir na hiarratasóirí ar eadóirseacht agus Ballstát)

Raon feidhme na caingne

1. Eascraíonn an chaingean seo faoi Airteagal 258 CFAE as glacadh agus feidhmiú Scéim Shaoránacht Mhálta trí Eadóirseacht as Seirbhísí Eisceachtúla trí Infheistíocht Dhíreach (2020) ('Scéim Saoránachta 2020').[2] Lorgaíonn an Coimisiún Eorpach dearbhú ar dá réir, trí Scéim Saoránachta 2020 a leagadh síos agus a fheidhmiú, scéim lena n-ofráiltear eadóirseacht, mar mhalairt ar íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhchinntithe, chuig daoine gan beann ar éagmais fíornaisc eatarthu agus Poblacht Mhálta, gur mhainnigh an Ballstát sin ina chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 20 CFAE agus Airteagal 4(3) CAE.

2. Maíonn Poblacht Mhálta nach bhfuil bunús le caingean an Choimisiúin, ó thaobh an dlí agus na bhfíoras de. Ní rialaítear na coinníollacha faoinar féidir le daoine náisiúntacht Bhallstáit a fháil le dlí an Aontais, ach amháin dá bhféadfadh na coinníollacha sin, ar bhealach ginearálta agus córasach, luachanna agus cuspóirí an Aontais Eorpaigh a chur i gcontúirt. Ní éilítear leis an dlí idirnáisiúnta poiblí[3] ná le dlí an Aontais 'fíornasc roimh ré' a bheith ag daoine le Stát roimh a eadóirseacht. Líomhnaíonn Poblacht Mhálta freisin go ndearna an Coimisiún ró-shimpliú ar Scéim Saoránachta 2020 mar iarracht an Chúirt Bhreithiúnais 'a stiúradh' chun measúnú earráideach a dhéanamh ar na fíorais.

[1] Bunteanga: an Béarla.

[2] Is ionann Scéim Saoránachta 2020 agus an tAcht um Shaoránacht 2020 agus na Rialacháin 2020, ar a gcuirtear síos i míreanna 5 go 7 den Tuairim seo.

[3] 'Dlí idirnáisiúnta' anseo feasta.

Comhthéacs dlíthiúil – Dlí Mhálta

An tAcht um Shaoránacht Mhálta

3. Rialaítear leis an Acht um Shaoránacht Mhálta fáil, díothú agus tréigean shaoránacht Mhálta.[4] Leagtar síos le hAirteagal 10 de na coinníollacha le haghaidh gnátheadóirseachta. De bhun Airteagal 10(1), féadfar deimhniú eadóirseachta a bhronnadh ar iarratasóir mar shaoránach Mhálta má shásaíonn sé an tAire[5] go gcomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas:

'(a) gur chónaigh sé i Málta le linn na tréimhse 12 mhí díreach roimh dháta an iarratais; agus

(b) le linn na 6 bliana díreach roimh an tréimhse 12 mhí sin, gur chónaigh sé i Málta ar feadh tréimhsí arb ionann iad, sa chomhiomlán, agus 4 bliana ar a laghad; agus

(c) go bhfuil eolas leordhóthanach aige ar theanga na Máltaise nó an Béarla; agus

(d) go bhfuil sé de charachtar maith; agus

(e) go mbeadh sé ina shaoránach oiriúnach de Mhálta.'

4. De bhun an dara fomhír d'Airteagal 10(1) den Acht um Shaoránacht Mhálta, má mheasann an tAire é a bheith iomchuí i gcúinsí speisialta aon cháis ar leith, féadfaidh sé a cheadú go n-áireofar tréimhsí cónaithe níos luaithe ná 7 mbliana roimh dháta an iarratais chun an comhiomlán dá dtagraítear i mír (b) a ríomh. Leagtar síos le Rialacháin Saoránachta 1989 (arna leasú) rialacha mionsonraithe le haghaidh iarratas ar eadóirseacht bunaithe ar Airteagal 10(1) den Acht um Shaoránacht Mhálta.[6]

[4] An tAcht um Shaoránacht Mhálta (Caib. 188), ACT XXX de 1965, arna leasú le hAchtanna: II de 1970, XXXI de 1972, LVIII de 1974, XXXI de 1975, IX de 1977, XIII de 1983, XXIV de 1989, IV de 2000 agus X de 2007; agus Fógra Dlíthiúil 410 de 2007 agus Acht XV de 2013, Achtanna XXIV agus XXVI de 2017 agus Achtanna XV agus XXXVIII de 2020.

[5] Foráiltear in Airteagal 2(1) den Acht um Shaoránacht Mhálta go gciallaíonn 'an tAire' 'an tAire atá freagrach an tráth ar leith as ábhair a bhaineann le saoránacht Mhálta agus áirítear ann sin, a mhéid a thugtar údarás, aon duine údaraithe ag Aire amhail chun gníomhú thar a cheann'.

[6] Reachtaíocht Choimhdeach (S.L.) 188.01 Rialacháin Saoránachta an 1 Lúnasa, 1989 (Fógra Dlíthiúil 106 de 1989, arna leasú le Fógraí Dlíthiúla 16 de 1993, 232 de 1997, 26 de 2000, 188 agus 410 de 2007, 17 agus 63 de 2014; Acht XIII de 2015, Fógra Dlíthiúil 336 de 2017 agus 214 de 2019 agus 443 de 2020).

An tAcht um Shaoránacht Mhálta (Leasú Uimh. 2), 2020

5. An 28 Iúil 2020, ghlac Poblacht Mhálta an tAcht um Shaoránacht Mhálta (Leasú Uimh. 2), 2020 ('Acht Saoránachta 2020').[7] Tháinig Airteagal 3 den Acht sin in áit Airteagal 10(9) den Acht um Shaoránacht Mhálta leis an téacs seo a leanas:

'Gan beann ar fhorálacha an Achta seo nó aon Achta eile, féadfaidh an tAire deimhniú eadóirseachta mar shaoránach Mhálta a bhronnadh ar eachtrannach nó duine gan stát, a sholáthar seirbhísí eisceachtúla do Phoblacht Mhálta nó don daonnacht, nó a bhfuil a eadóirseacht ina leas eisceachtúil do Phoblacht Mhálta, agus a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear faoin Acht seo. Chun críocha an fho-Airteagail seo, ciallaíonn 'eisceachtúil' sármhaith go follasach, agus tagraíonn sé go príomhúil d'éachtaí eolaithe, taighdeoirí, lúthchleasaithe, daoine sa spórt, ealaíontóirí, taibheoirí cultúrtha, infheisteoirí agus fiontraithe: Chomh fada is go mbronnfaidh an tAire deimhniú eadóirseachta freisin ar chleithiúnaí incháilithe eachtrannaigh nó duine gan stát a sholáthar seirbhísí eisceachtúla chuig Poblacht Mhálta trí infheistíocht: Chomh fada is, thairis sin, go ndéanann duine amhail iarratas ar bhealach dá bhforáiltear agus ar thógáil an mhionna dílseachta i Málta aige.'

6. An 20 Samhain 2020, ghlac[8] Poblacht Mhálta na Rialacháin um Shaoránacht a Dheonú as Seirbhísí Eisceachtúla, 2020 ('Rialacháin 2020').[9] Tá rialacha mionsonraithe i gCuid III agus Cuid IV de Rialacháin 2020 lena rialaítear próiseáil iarratas ar eadóirseacht as seirbhísí eisceachtúla de réir fiúntais agus 'trí Infheistiú Díreach san fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta i bPoblacht Mhálta'.[10] Féadfaidh infheisteoirí eachtrannacha[11] cur isteach ar eadóirsiú faoin dara catagóir má chomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas nó go ngeallann siad iad a chomhlíonadh:

a) EUR 600 000 nó EUR 750 000 a thabhairt chuig Rialtas Mhálta, as a bhfuil EUR 10 000 le híoc mar éarlais neamh-in-aisíoctha in éineacht le cur isteach na n-iarratas cónaithe nó na foirme incháilitheachta, agus beidh an t-iarmhéid dlite i ndiaidh fhaomhadh an iarratais ar eadóirseacht;

b) maoin chónaithe dho-aistrithe a fháil agus seilbh a choimeád uirthi i Málta d'íosluach EUR 700 000, nó léas a fháil ar mhaoin chónaithe dho-aistrithe i Málta ar feadh 5 bliana ar a laghad ar chíos bliantúil de EUR 16 000 ar a laghad;

[7] Acht Uimh. XXXVIII de 2020, arna fhoilsiú an 31 Iúil 2020. An 15 Samhain 2013, ghlac Poblacht Mhálta Acht Uimh. XV de 2013 lena leasaítear Acht um Shaoránacht Mhálta (Caib. 188 (15 Samhain 2013)) ('Acht Saoránachta 2013'). Go comhthreomhar leis an nós imeachta arna leagan síos in Airteagal 10(1) den Acht um Shaoránacht Mhálta, bunaíodh le hAcht Saoránachta 2013 bealach brostaithe chun eadóirseachta trí rannpháirtíocht i 'gclár infheisteora aonair' arna rialú le coinníollacha agus nósanna imeachta ar leith. Cúlghaireadh Clár Infheisteora Aonair Rialacháin Phoblacht Mhálta, 2014 (Reachtaíocht Choimhdeach 188.03 de Dhlíthe Mhálta), arna ghlacadh faoi Fhógra Dlíthiúil 47 de 2014 agus arna fhoilsiú in Iris Rialtas Mhálta an 4 Feabhra 2014 ('Rialacháin 2014') an 20 Samhain 2020 le Fógra Dlíthiúil 437 de 2020. Tá feidhm ag teorainn 1 800 iarratasóir rathúla (óna n-eisiatar cleithiúnaithe) i leith na scéime arna glacadh de bhun Acht Saoránachta 2013 agus Rialacháin 2014 ('Scéim Saoránachta 2014'). Gan beann ar na cosúlachtaí idir Scéimeanna Saoránachta 2014 agus 2020 agus na tagairtí éagsúla sna pléadálacha don dá cheann acu sin, tá an chaingean um shárú seo teoranta do Scéim Saoránachta 2020.

[8] I gcomhréir le hAirteagal 10(9) den Acht um Shaoránacht Mhálta, arna leasú le hAcht Saoránachta 2020.

[9] Reachtaíocht Choimhdeach 188.06 de Dhlíthe Mhálta. Glacadh Rialacháin 2020 faoi Fhógra Dlíthiúil 437 de 2020.

[10] Cé gur cúlghaireadh Rialacháin 2014 le Rialacháin 2020, coinnítear Rialacháin 2014 i bhfeidhm leis an dara fomhír de Rialachán 31(1) de Rialacháin 2020 go dtí go sroichtear an t-uasmhéid de 1 800 iarratas a cheadaítear faoi Rialacháin 2014.

[11] D'fhéadfaí a áireamh in iarratais baill 'chleithiúnacha' de theaghlach an iarratasóra leis an gcoinníoll, *inter alia*, go ndéantar íocaíocht bhreise de EUR 50 000 maidir le gach ceann acu. Féach Rialachán 16(3) de Rialacháin 2020 agus mír 1(b) den Chéad Sceideal leis na rialacháin sin.

c) EUR 10 000 ar a laghad a bhronnadh ar eagraíocht nó cumann daonchairdiúil cláraithe agus neamhrialtasach maidir leis an gcultúr, an spórt, an eolaíocht, leas ainmhithe nó an ealaín, nó eagraíocht nó cumann eile arna fhaomhadh ag na húdaráis;

d) bheith ina gcónaitheoir i Málta le haghaidh tréimhse 36 mhí (i gcás gurb ionann an íocaíocht agus EUR 600 000), tréimhse ar féidir a laghdú go híostréimhse de 12 mhí chomh fada is a ndéantar infheistíocht dhíreach eisceachtúil, eadhon, íocaíocht de EUR 750 000 ar a laghad;

e) éirí leo i measúnú incháilitheachta arna dhéanamh ag na húdaráis agus bheith údaraithe iarratas ar eadóirseacht a chur isteach i gcomhréir le Rialachán 10 de Rialacháin 2020.

7. De bhun Rialachán 19 de Rialacháin 2020, 'ní bheidh líon na dteastas i leith Shaoránacht Mhálta trí Eadóirseacht as Seirbhísí Eisceachtúla trí Infheistíocht Dhíreach arna ndeonú, as a n-eisiatar cleithiúnaithe, níos mó ná ceithre chéad (400) in aghaidh na bliana, agus in aon chás ní bheidh líon iomlán carntha na n-iarratasóirí rathúla as a n-eisiatar cleithiúnaithe níos mó ná míle cúig chéad (1 500)'.

An nós imeachta réamhdhlíthíochta

8. An 20 Deireadh Fómhair 2020, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chuig Poblacht Mhálta. Chuir sé buarthaí in iúl go raibh an Clár Infheisteora Aonair arna ghlacadh faoin Acht um Shaoránacht Mhálta, arna leasú leis an Acht um Shaoránacht 2013 agus Rialacháin 2014, ar neamhréir le saoránacht an Aontais arna leagan síos le hAirteagal 20 CFAE agus le prionsabal an chomhair dhílis arna chumhdach in Airteagal 4(3) CAE. An 9 Meitheamh 2021, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil bhreise chuig Poblacht Mhálta inar thug sé faoi deara ós rud é nár athraíodh cineál idirbheartaíochta Scéim Saoránachta 2020 leis an gcreat dlíthiúil leasaithe di, gur sháraigh sí leis sin Airteagal 20 CFAE agus Airteagal 4(3) CAE.

9. D'fhreagair Poblacht Mhálta an litir sin an 6 Lúnasa 2021. D'easaontaigh sí le measúnú an Choimisiúin. Mhaígh sí, *inter alia*, go raibh seasamh an Choimisiúin ar neamhréir le prionsabal na tabhartha a mhéid a luigh sé isteach ar réimse faoi chumhdach cheannasacht na mBallstát.

10. An 2 Márta 2022, chuir Poblacht Mhálta a scéim saoránachta d'infheisteoirí ar fionraí le haghaidh náisiúnaigh Rúisigh agus Bealarúisigh go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

11. An 6 Aibreán 2022, sheol an Coimisiún tuairim réasúnaithe chuig Poblacht Mhálta. Rinne an Coimisiún athrá agus forbairt ar na hargóintí arna leagan amach aige ina litir fógra fhoirmiúil agus litir fógra fhoirmiúil bhreise. Ina freagra, d'easaontaigh Poblacht Mhálta le measúnú an Choimisiúin agus mhaígh sí go raibh a creat dlíthiúil i leith saoránacht d'infheisteoirí i gcomhréir go hiomlán le dlí an Aontais.

An nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

12. Le hiarratas arna thaisceadh an 22 Márta 2023, thionscain an Coimisiún an chaingean seo os comhair na Cúirte Breithiúnais faoi Airteagal 258 CFAE agus é ag lorg dearbhú ar dá réir:

'trí chlár institiúidithe a bhunú agus a oibriú, amhail Saoránacht Mhálta trí Eadóirseacht as Seirbhísí Eisceachtúla trí Infheistíocht Dhíreach bunaithe ar Airteagal 10(9) den Acht um Shaoránacht Mhálta arna leasú leis an Acht um Shaoránacht Mhálta (Leasú Uimh. 2), 2020, agus

na Rialacháin um Shaoránacht a Dheonú as Seirbhísí Eisceachtúla, 2020, lena gcuirtear eadóirseacht ar fáil in éagmais fíornasc idir na hiarratasóirí agus an tír, mar mhalairt ar íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhchinntithe, nár chomhlíon Poblacht Mhálta a hoibleagáidí faoi Airteagal 20 CFAE agus faoi Airteagal 4(3) CAE.'

13. Iarrann an Coimisiún freisin go n-ordófar do Phoblacht Mhálta na costais a íoc.

14. Ina cosaint, arna taisceadh an 27 Meitheamh 2023, maíonn Poblacht Mhálta gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais an chaingean seo a dhíbhe agus a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

15. I ndiaidh aistriú pléadálacha eile, an 17 Meitheamh 2024 reáchtáladh éisteacht inar chuir an Coimisiún agus Poblacht Mhálta argóintí ó bhéal in iúl agus inar fhreagair siad ceisteanna ón gCúirt Bhreithiúnais.

Anailís dhlíthiúil

Argóintí na bpáirtithe

16. Is ionann caingean an Choimisiúin agus gearán aonair, a roinneann sé i dtrí chéim.

17. Ar dtús, tugann an Coimisiún dá aire cé go bhfuil na Ballstáit inniúil chun rialacha a dhéanamh lena rialaítear fáil a náisiúntachta, go sriantar le dlí an Aontais feidhmiú na hinniúlachta sin.[12] Tugann an coincheap den iontaoibh fhrithpháirteach bonn le saoránacht an Aontais. Coisctear le hurraim don iontaoibh fhrithpháirteach sin ar na Ballstáit rialacha saoránachta a ghlacadh lena mbaintear an bonn de bhunbhrí, luach agus sláine shaoránacht an Aontais. Is é atá i ndán do shaoránacht an Aontais ná a bheith ina stádas bunúsach de náisiúnaigh na mBallstát.[13] Forchuirtear oibleagáidí forleithne le dlí an Aontais ar na Ballstáit maidir lena gcaitheamh le saoránaigh an Aontais a iarrann braith ar na cearta a bhronntar orthu le saoránacht an Aontais. Ós rud é go n-eascraíonn fáil shaoránacht an Aontais agus leas na gceart a ghabhann léi go huathoibríoch as deonú náisiúntachta Ballstáit, tá tionchar chomh díreach ag na coinníollacha faoinar féidir í a dheonú ar na Ballstáit eile agus ar an Aontas Eorpach nach bhfuil na coinníollacha sin ina gceist eisiach don Bhallstát sin a thuilleadh. Ní mór do Bhallstáit dá bhrí sin aird chuí a thabhairt do dhlí an Aontais, go háirithe, do phrionsabal an chomhair dhílis in Airteagal 4(3) CAE agus sláine an stádais de shaoránacht an Aontais arna chruthú le hAirteagal 20 CFAE, nuair a dheonaíonn siad a náisiúntacht ar náisiúnaigh tríú tíortha.

18. Sa dara háit, cuireann an Coimisiún chun suntais cé go bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe ar lánpháirtiú Stát Eorpach a roinneann tacar coiteann ardaidhmeanna agus luachanna, gurb é atá i gceist leis sin muintir gach ceann de na Ballstáit sin a thabhairt le chéile. Tugtar le tuiscint dá bhrí sin le saoránacht an Aontais neartú na gceangal idir náisiúnaigh Bhallstáit agus an tAontas Eorpach agus lánpháirtiú agus doimhniú na dlúthpháirtíochta idir muintireacha difriúla na hEorpa, ag teacht le chéile trí sin i bpolaití aonair mar chomhghníomhaithe den Aontas Eorpach. Neartaíonn cineál shaoránacht an Aontais, lena n-áirítear na cearta chun bogadh chuig agus cónaí

[12] Breithiúnais an 7 Iúil 1992, *Micheletti agus páirtithe eile* (C-369/90, EU:C:1992:295, mír 10) (an 'breithiúnas in *Micheletti*'); an 20 Feabhra 2001, *Kaur* (C-192/99, EU:C:2001:106, mír 19) (an 'breithiúnas in *Kaur*'); an 19 Deireadh Fómhair 2004, *Zhu agus Chen* (C-200/02, EU:C:2004:639, mír 37) (an 'breithiúnas in *Zhu agus Chen*'); an 2 Márta 2010, *Rottmann* (C-135/08, EU:C:2010:104, míreanna 39, 41 agus 45) (an 'breithiúnas in *Rottmann*') agus an 12 Márta 2019, *Tjebbes agus páirtithe eile* (C-221/17, EU:C:2019:189, mír 30) (an 'breithiúnas in *Tjebbes*').

[13] Breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2002, *Baumbast agus R* (C-413/99, EU:C:2002:493, mír 82).

ar chríoch Ballstáit eile, caitheamh comhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit sin a fháil, agus chun vóta a chaitheamh agus rith mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha an Bhallstáit óstaigh agus i dtoghcháin don Pharlaimint Eorpach leis an léiriú seo. Mar sin cuireann saoránacht an Aontais agus na cearta a eascraíonn aisti dlúthpháirtíocht agus iontaoibh fhrithpháirteach idir Ballstáit in iúl. Tá leathnú uathoibríoch agus gan coinníoll cearta áirithe chun náisiúnaigh gach Ballstát a chumhdach comhsheasmhach le prionsabal na hiontaoibhe frithpháirtí agus tá sé bunaithe ar thuiscint roinnte: 'gurb ionann náisiúntacht agus cur in iúl fíornaisc idir Stát agus a náisiúnaigh'. [14] 'Cruthaítear bunchloch cheangal na náisiúntachta leis an gcaidreamh speisialta de dhlúthpháirtíocht agus meon macánta idir an Stát agus a náisiúnaigh agus freisin cómhalartacht ceart agus dualgas'. [15]

19. I gcás go leagann Ballstát scéim saoránachta d'infheisteoirí síos agus go bhfeidhmíonn sé í, scéim lena n-éascaítear deonú córasach a náisiúntachta chuig daoine mar mhalairt ar íocaíochtaí réamhchinntithe cé nach n-éilítear aon fhíornasc idir an Stát sin agus na daoine sin, tarraingítear amhras ar agus baintear an bonn de bhunbhrí agus sláine shaoránacht an Aontais agus an iontaoibh fhrithpháirteach atá mar bhonn léi. Dá bhrí sin tá scéim saoránachta d'infheisteoirí amhail ar neamhréir leis an gcoincheap de shaoránacht an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 20 CFAE agus prionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) CAE. Leanann sé as sin go bhfuil bunú agus feidhmiú scéimeanna amhail, fiú má mheastar iad a bheith chun leasa (iomláin airgeadais) Ballstáit, dochrach do chuspóirí an Aontais Eorpaigh.

20. Sa tríú háit, comhlíonann Scéim Saoránachta 2020 na critéir le haghaidh scéim saoránachta d'infheisteoirí neamhdhleathach mar a chuirtear síos orthu sa dara céim ós rud é go gceadaítear léi deonú córasach náisiúntachta mar mhalairt ar shuimeanna suntasacha réamhchinntithe a íoc gan éileamh ar iarratasóirí fíornasc le Poblacht Mhálta a léiriú. Foráiltear le hAirteagal 10(1)(a) den Acht um Shaoránacht Mhálta, lena rialaítear 'gnáth-eadóirseacht', nach mór d'iarratasóir a bheith in ann a léiriú 'gur chónaigh sé i Málta le linn na tréimhse 12 mhí' díreach roimh iarratas a chur isteach. De bhun Airteagal 10(1)(b) de, ní mór do dhuine amhail tréimhsí cónaithe a shuí 'arb ionann iad, sa chomhiomlán, agus 4 bliana ar a laghad' i dtréimhse 6 bliana. Tá feidhm ag forálacha atá difriúil go cáilíochtúla i leith iarratasóirí faoi Scéim Saoránachta 2020. Maíonn an Coimisiún, go háirithe, nach bhfuil cosaintí leordhóthanacha sa scéim dheireanach sin chun a chinntiú nach ionann an ceanglas cónaithe agus ceanglas iomlán samhailteach nó gurb ann d'aon fhíornaisc idir Poblacht Mhálta agus iarratasóirí ar náisiúntacht Mhálta faoin scéim.

21. I gcomhréir le hAirteagal 16(1)(a) de Rialacháin 2020, ní mór don phríomhiarratasóir, agus a chleithiúnaithe d'aois 18 mbliana nó níos mó, cruthúnas ar chónaí i Málta ar feadh tréimhse 36 mhí a sholáthar. Foráiltear le hAirteagal 16(1)(a), arna léamh i gcomhar leis an gCéad Sceideal de Rialacháin 2020, ar íocaíocht EUR 750 000 (i.e. EUR 150 000 sa bhreis), gur féidir an tréimhse chónaithe sin a laghdú go híostréimhse 12 mhí. Ní shainíonn Rialacháin 2020 'cónaitheoir' ná 'cónaí'. Ní fhorchuirtear leo aon cheanglas comhionann go dtarlóidh cónaí amhail 'le linn' na tréimhse a shonraítear. Ós rud é nach bhfuil aon rialacha lena gceanglaítear láithreacht fhisiciúil rialta thar tréimhse shuntasach ama a bhféadfadh taisteal nó tréimhsí gairide fanachta thar lear briseadh isteach uirthi, níl aon rialacha i Rialacháin 2020 ar neamhláithreacht lena bhféadfaí aon tréimhsí cónaithe a bhriseadh. Maíonn an Coimisiún dá bhrí sin nach gceanglaíonn Rialachán 16(1)(a) de Rialacháin 2020 ach láithreacht dhlíthiúil, mar mhalairt ar láithreacht fhisiciúil, i Málta.

[14] An breithiúnas in *Tjebbes*, mír 35.

[15] An breithiúnas in *Rottmann*, mír 51 agus an breithiúnas in *Tjebbes*, mír 33. Féach freisin, breithiúnas an 17 Nollaig 1980, *an Coimisiún* v *an Bheilg* (149/79, EU:C:1980:297, mír 10) agus *Lichtinstéin* v *Guatamala*, Réamhagóid (Dara céim). Féach freisin breithiúnas na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta ('CBI') an 6ú Aibreán 1955, [1955] Tuarascálacha CBI 4, 20 ('an breithiúnas in *Nottebohm*').

22. Diúltaíonn an Coimisiún freisin do mhaoímh Phoblacht Mhálta go bhfuil an ceart aici saoránacht a dheonú trí thagairt do 'naisc ionchasacha' trí lánpháirtiú agus rannchuidiú sa todhchaí sa Bhallstát sin. Tá cur chuige 'ceannaigh anois – forbair nasc níos déanaí' amhail ar neamhréir le dlí an Aontais. Cuireann an Coimisiún chun suntais go bhfuil éifeacht ag tairbhí shaoránacht an Aontais, lena n-áirítear saoirse gluaiseachta, ón am a fhaightear an stádas sin. Níl aon ráthaíocht ann go bhfanfaidh saoránach Máltach arna eadóirsiú faoi Scéim Saoránachta 2020 i bPoblacht Mhálta, agus go bhforbróidh sé naisc léi. D'fhéadfadh sé roghnú bogadh chuig Ballstát eile nó fiú lárionad a shaoil a choimeád i dtríú tír fad is a mbaineann sé leas as cearta shaoránacht an Aontais gan aon cheangail le haon Bhallstáit a fhorbairt. Fógraítear le hábhar fógraíochta arna fhoilsiú ag gníomhairí arna n-údarú chun an scéim a chur chun cinn an fhéidearthacht go bhféadfadh saoránach eadóirsithe dul ag cónaí i mBallstát eile nó Stát atá bainteach le Schengen mar cheann de na tairbhí a bhaineann le fáil náisiúntachta Mhálta.

23. Ina fhreagra, diúltaíonn an Coimisiún don mhaoímh go gconspóidtear creat reachtach náisiúnta iomlán le haghaidh eadóirsiú daoine leis an gcaingean seo. Ní dhéanann an Coimisiún iarracht a leagadh síos conas ar cheart do Bhallstáit a dhéanamh amach 'cé hiad a náisiúnaigh'. Tá an chaingean seo teoranta do scéim saoránachta d'infheisteoirí ar leith lena mbaintear an bonn de shláine shaoránacht an Aontais, tríd an stádas sin a thráchtearrú, ar bhealach arb ionann é agus sárú an-dáiríre ar dhlí an Aontais.

24. Bunaíonn an Coimisiún a éileamh ar dhlí an Aontais, na ceanglais ar leith a eascraíonn as stádas shaoránacht an Aontais agus dualgas an chomhair dhílis lena gceanglaítear ar Bhallstáit staonadh ó ghníomhaíocht a bhféadfadh baint amach chuspóirí an Aontais a chur i gcontúirt. Cé go n-easaontaíonn Poblacht Mhálta go dtacaíonn an breithiúnas in *Nottebohm* leis an teoiric go n-éilítear leis an dlí idirnáisiúnta fíornasc mar choinníoll le fáil náisiúntachta, tá an breithiúnas sin, agus fanann sé ina údarás dá dtagraítear go leathan maidir le teideal Stát diúltú náisiúntacht arna deonú ag Stát eile a aithint. I gcomhréir leis an mbreithiúnas in *Micheletti*, ní féidir le Ballstáit diúltú náisiúntacht saoránaigh Ballstáit a aithint. Tugtar bunús dlíthiúil leis an gcineál uathoibríoch den aithint sin i ndlíchóras an Aontais do thuiscint roinnte choiteann ar náisiúntacht lena n-éilítear gurb ann d'fhíornasc idir Ballstát agus a náisiúnaigh.

25. Maíonn an Coimisiún go léiríonn creat dlíthiúil Scéim Saoránachta 2020 go ndéantar an próiseas dícheall cuí maidir le hiarratasóirí chun a riosca slándála agus clú agus méid a saibhris a mheas. Ní dhéantar iarracht leis a dhéanamh amach an ann d'fhíornasc idir an t-iarratasóir agus Poblacht Mhálta. Ní athraítear cineál idirbheartaíochta na scéime ós rud é gurb ann don phróiseas fíoraithe sin agus rogha an Aire[16] diúltú teastas eadóirseachta a dheonú. Ní chonspóideann Poblacht Mhálta, d'fhonn teacht faoi chumhdach Scéim Saoránachta 2020, nach n-éilítear láithreacht fhisiciúil iarbhír i Málta ach ar dhá ócáid: chun sonraí bithmhéadracha a sholáthar d'fhonn cead cónaithe a fháil agus chun an mionn dílseachta a mhionnú. Ní fhéadfadh an 'cónaí dlíthiúil' a éilítear leis an scéim dá bhrí sin fíornasc a chruthú idir Poblacht Mhálta agus iarratasóir ar eadóirseacht.

26. Tugann Poblacht Mhálta faoi deara ar dtús, ón sean-am, go ndearna Stáit iarracht saibhreas agus rathúnas a mhealladh trí theacht isteach daoine de ghlanfhiúchas ard a chur chun cinn trí dheonú saoránachta nó a comhionann. Tá an chumhacht chun náisiúntacht a dheonú ag croílár na ceannasachta náisiúnta. Tá sí ceangailte go dlúth le tuiscint agus forbairt céannachta náisiúnta Ballstáit a cheanglaíonn Airteagal 4(2) CAE ar an Aontas Eorpach a chosaint. Admhaíonn Poblacht Mhálta gur bonn dlisteanach é 'fíornasc roimh ré' a bheith ann ar a bhféadfadh Stáit a

[16] Mar a shainítear in Airteagal 2(1) den Acht um Shaoránacht Mhálta.

chinneadh ceangail duine aonair lena phobal polaitiúil a aithint. Is ábhar é, mar sin féin, d'institiúidí daonlathacha gach Ballstáit an rogha sin a roghnú trí chinntí polaitiúla agus ceannasacha, atá bunaithe go minic ar bhreithnithe maidir le cothroime agus ceartas morálta. Dá bhrí sin tá rogha leathan ag Ballstát chun cinneadh cad iad na naisc ar leor iad chun údar a thabhairt le cuireadh a thabhairt do dhuine aonair chun bheith ina bhall dá chomhlacht polaiteach. Ní cheanglaíonn na Conarthaí agus a *travaux préparatoires* ar Bhallstáit a éileamh ar dhuine 'fíornasc roimh ré' a bheith aige le Ballstát roimh a eadóirseacht. Maíonn Poblacht Mhálta freisin nach ann don cheanglas sin ag leibhéal an dlí idirnáisiúnta agus go raibh an breithiúnas in *Nottebohm*, ar a mbraitheann an Coimisiún, ina ábhar do cháineadh leathan agus bonn cirt leis.

27. Ar na cúiseanna sin, maíonn Poblacht Mhálta nach ionann beartas go creatúil agus sárú ar rialacha agus luachanna an Aontais ach amháin i gcás go n-eascraíonn sárú dáiríre, ar bhealach ginearálta agus córasach, ar luachanna agus cuspóirí an Aontais mar a shainítear iad sna Conarthaí agus sa reachtaíocht, as beartas eadóirseachta Ballstáit. Ní hamhlaidh atá sa chás seo. Tá caingean an Choimisiúin gan réamhshampla. Iarrann sé cosc a chur ar Bhallstát roghanna beartais arna ndéanamh go dlisteanach aige i réimse na hinniúlachta náisiúnta mar a aithnítear le hAirteagal 9 CAE agus Airteagal 20(1) CFAE a chur i bhfeidhm. Conspóidtear leis an gcaingean freisin creat reachtach náisiúnta iomlán lena rialaítear eadóirseacht daoine. Maíonn Poblacht Mhálta thairis sin go mbeidh éifeacht láithreach ag an léiriú leathan ar Airteagal 20 CFAE agus Airteagal 4(3) CAE dá n-agraíonn an Coimisiún ar chreataí reachtacha lena rialaítear náisiúntacht i ngach Ballstát, go háirithe sna Ballstáit ina ndeonaítear eadóirseacht ar bhonn lánroghnach. Leanfaidh oibleagáidí tuairiscithe as sin go dosheachanta, lena bhfágfaí go ndéanfaidh an Coimisiún, mar Chaomhnóir na gConarthaí, athbhreithniú ar bheartais, dlíthe agus cleachtais eadóirseachta na mBallstát i bhfianaise dhlí an Aontais. Spreagfadh sin na Ballstáit chun amhras a chaitheamh ar dhlí agus cleachtas Ballstát eile sa réimse seo agus, ar deireadh, iad a chonspóid. Ní féidir bonn cirt a thabhairt le mionscrúdú amhail ach amháin i gcás go léirítear go follasach, le fianaise chuí, gurb ionann rialacha Ballstáit, ar bhealach ginearálta agus córasach, agus fíor-riosca chuig luachanna agus cuspóirí an Aontais.

28. Maíonn Poblacht Mhálta thairis sin go ndéantar róshimpliú ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais le pléadáil aonair an Choimisiúin trí iarracht a dhéanamh baint náisiúntachta a chothromú le fáil náisiúntachta. Le baint náisiúntachta Ballstáit ó dhuine aonair fágtar an duine sin gan saoránacht an Aontais agus na cearta a ghabhann léi. Mar ábhar de dhlí an Aontais, ní mór go mbeidh gníomhaíocht Bhallstáit as a bhféadfadh baint *de iure* nó *de facto* na gceart agus na ndualgas a ghabhann le saoránacht an Aontais faoi réir faireachán cúramach agus docht. I gcodarsnacht leis sin, leathnaítear raon chearta agus dualgais duine le fáil náisiúntachta, in áit é a laghdú. Dá bhrí sin ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar fháil náisiúntachta trí thagairt do chaighdeán difriúil. Ós rud é nár éirigh leis an gCoimisiún an difríocht bhunúsach seo a thuiscint tá sé ag agairt ar son léiriú ar na Conarthaí as a n-eascródh luí isteach díréireach de mhionscrúdú an Aontais ar réimse den inniúlacht náisiúnta a bhfuil nasc dlúth aige le sainphribhléidí ceannasacha na mBallstát.

29. Maíonn Poblacht Mhálta gurb ionann cur in iúl an Choimisiúin ar scéim shaoránacht 2020 mar bhealach rochtana 'uathoibríoch agus gan choinníoll' ar náisiúntacht Mhálta, lena bhforáiltear do 'dheonú córasach náisiúntachta mar mhalairt ar íocaíochtaí reamhchinntithe', chun 'leasa iomláin bhuiséadaigh' Phoblacht Mhálta, agus róshimpliú gan aon bhunús sa dlí ná sna fíorais. Cé go dtugtar rochtain ar an scéim le hinfheistíocht tosaigh, ní fheidhmíonn sí ar bhealach 'uathoibríoch agus gan choinníoll', ach leagann sí béim shuntasach ar thionchar gach iarratais ar 'shlándáil, clú, éifeachtaí córasacha, comhlíonadh agus critéir eile'. Is fianaise leordhóthanach é ráta diúltaithe de thart ar aon trian de na hiarratais inghlactha go léir le cruthú nach ann d'aon

uathoibriú. Níl deonú náisiúntachta ina iarmhairt dhíreach ar idirbheart airgeadais ach oiread ós rud é nach mór d'iarratasóirí gealltanais fhadtéarmacha a thabhairt agus fanacht faoi réir nósanna imeachta athbhreithnithe fada i ndiaidh eadóirseachta. Dearbhaíonn Poblacht Mhálta dá bhrí sin gur scéim eadóirseachta dhlisteanach, láidir, arna rith go proifisiúnta agus éifeachtach í Scéim Saoránachta 2020 nach mbaineann an bonn de chuspóirí an Aontais. Tá Scéim Saoránachta 2020 trédhearcach, faoi fhaireachán cúramach, agus tá tionchar díreach agus dearfach aici ar shochaí Mhálta. Séanann Poblacht Mhálta tréithriú an Choimisiúin ar an scéim mar chur chuige 'ceannaigh anois – forbair nasc níos déanaí'. Léiríonn iarratasóirí rathúla raon nasc le pobal Mhálta, arb ionann iad agus ceangail roimh ré, faoi láthair, agus ionchasach a fhorbraíonn thar am.

30. Ina hathfhreagra, maíonn Poblacht Mhálta, dá mba rud é go seasfadh an Chúirt Bhreithiúnais le pléadáil an Choimisiúin, go mbeadh uirthi sraith iomlán reachtaíochta agus ionstraimí reachtúla a chúlghairm, nach bhfuil teoranta d'fhoráil aonair nó sraith rialacha ar leith ar náisiúntacht. Trí chreat dlíthiúil iomlán Ballstáit lena rialaítear rochtain ar náisiúntacht a chonspóid, iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais gníomhú mar 'reachtóir indíreach', agus cros a fheidhmiú thar reachtaíocht náisiúnta arna ghlacadh i réimse atá forchoimeádta do na Ballstáit. Dá leithne raon feidhme an athbhreithnithe i réimse den inniúlacht náisiúnta eisiach, is ea is mó an riosca go rachaidh a fheidhmiú níos faide ná inniúlacht an Aontais Eorpaigh i réimse atá an-íogair. Ar an gcúis sin, maíonn Poblacht Mhálta nach bhféadfadh ach sárú suntasach ar luachanna agus/nó cuspóirí an Aontais Eorpaigh bonn cirt a thabhairt le haon idirghabháil de chuid na Cúirte Breithiúnais. Ar deireadh, agus mar mhalairt ar mhaíomh an Choimisiúin, cuireann Poblacht Mhálta chun suntais gur pobal polaitiúil é an tAontas Eorpach, agus ní 'polaití aonair'.

Measúnú

Inghlacthacht

31. Cé nach gconspóideann Poblacht Mhálta inghlacthacht na caingne seo go sainráite, tagraíonn sí do dhifríochtaí idir na hargóintí arna n-ardú ag an gCoimisiún le linn na céime réamhdhlíthíochta den nós imeachta agus na hargóintí a bhfuil sé ag iarraidh braith orthu anois. Maíonn Poblacht Mhálta go bhfuil difríocht idir roinnt argóintí an Choimisiúin sa fhreagra agus na hargóintí san iarratas. Conspóideann sí freisin cur in iúl na 'Passport papers'[17] ag an gCoimisiún san fhianaise, ós rud é go mbaineann siad le feidhmiú scéim 2014, agus ní le feidhmiú Scéim Saoránachta 2020 atá faoi cheist sna himeachtaí seo.

32. D'fhéadfadh an Chúirt Bhreithiúnais a mheas as a stuaim féin an gcomhlíontar na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 258 CFAE chun caingean um mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh a thabhairt.[18] Ós rud é gur ardaíodh an cheist maidir le hinghlacthacht na caingne ag an éisteacht agus go raibh deis ag an gCoimisiún ceist ón gCúirt Bhreithiúnais maidir leis sin a fhreagairt is ceist iomchuí í don Chúirt Bhreithiúnais a scrúdú. I gcomhréir le cásdlí socair, cinntear ábhar caingne faoi Airteagal 258 CFAE mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh le tuairim réasúnaithe an Choimisiúin. Ní mór go mbeidh leagan amach áititheach agus mionsonraithe ar na cúiseanna a threoraigh an Coimisiún chun teacht ar an gconclúid gur mhainnigh an Ballstát ar a bhfuil an doiciméad sin dírithe

[17] Féach 'Passport papers' arna fhoilsiú ag Fondúireacht Daphne Caruana Galizia. https://www.daphne.foundation/passport-papers/2021/04/round-up.

[18] Breithiúnas an 5 Aibreán 2017, *an Coimisiún* v *an Bhulgáir* (C-488/15, EU:C:2017:267, mír 50).

oibleagáid faoin gConradh a chomhlíonadh a bheith sa doiciméad sin. Ní mór go mbeidh caingean um shárú a thagann ina dhiaidh sin bunaithe ar na forais agus pléadálacha céanna a leagtar amach sa tuairim réasúnaithe, agus ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais foras gearáin nach bhfuil inti a scrúdú.[19] Tá an chaingean seo níos cúinge ó thaobh raon feidhme de ná an gearán sa tuairim réasúnaithe dar dáta an 6 Aibreán 2022, ós rud é gur dhírigh an tuairim réasúnaithe ar Scéimeanna Saoránachta 2014 agus 2020. Faoi réir an choinníll sin – nach gcruthaíonn buairt[20] – tá an chaingean bunaithe ar na forais agus pléadálacha céanna is atá sa tuairim réasúnaithe. Sainaithníonn an tuairim réasúnaithe agus an t-iarratas sárú ar Airteagal 20 CFAE agus Airteagal 4(3) CAE mar gheall ar reachtaíocht arna tabhairt isteach ag Poblacht Mhálta lena n-ofráiltear eadóirseacht chuig daoine mar mhalairt ar íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhchinntithe gan a éileamh gurb ann d'fhíornasc idir an Ballstát sin agus na daoine sin.

33. Maidir leis na difríochtaí líomhainte idir an t-iarratas agus an freagra, is cásdlí socair é nach féidir le páirtí ábhar an cháis a athrú le linn na n-imeachtaí, agus nach mór scrúdú a dhéanamh ar fhiúntas na caingne i bhfianaise na n-éileamh san iarratas, agus i bhfianaise iad siúd amháin.[21] Tá cead ag an gCoimisiún mar sin féin na hargóintí arna n-ardú ag Poblacht Mhálta ina cosaint a fhreagairt, chomh fada – amhail sa chás seo – go bhfuil raon feidhme na n-imeachtaí gan athrú.

34. Dá bhrí sin comhairlím don Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an chaingean seo agus na hargóintí arna n-ardú sa fhreagra inghlactha.

35. Maidir le glacadh leis na 'Passport papers' mar a thugtar orthu mar fhianaise, ní chonspóideann an Coimisiún go mbaineann siad le feidhmiú Scéim Saoránachta 2014 atá neamhábhartha *ratio materiae* i leith na caingne seo. Mar mhalairt ar an méid ar chosúil a mhaíonn an Coimisiún, ní fhéadfaí brath, dá bhrí sin, ar inneachar na bpáipéar sin in aon slí chun teacht ar chonclúidí maidir le dleathacht Scéim Saoránachta 2020.

An tsubstaint

– Réamhbharúlacha

36. Sa chaingean seo, lorgaíonn an Coimisiún dearbhú, trí Airteagal 10(9) den Acht um Shaoránacht Mhálta 2020 agus Rialacháin 2020 a ghlacadh agus a fheidhmiú, gur mhainnigh Poblacht Mhálta a hoibleagáidí faoi Airteagal 20(1) CFAE agus Airteagal 4(3) CAE a chomhlíonadh. Má dheonaíonn an Chúirt Bhreithiúnais an t-ordú sin, beidh ar Phoblacht Mhálta na bearta ar ghá leo a ghlacadh chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.[22] Leanann sé as sin, mar mhalairt ar mhaíomh Phoblacht Mhálta, nach gcaitear

[19] Breithiúnas an 24 Meitheamh 2004, *an Coimisiún* v *an Ísiltír* (C-350/02, EU:C:2004:389, mír 20). Is é is cuspóir an nós imeachta réamhdhlíthíochta ná an deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh nó a chosaint i gcoinne ghearáin an Choimisiúin a chur in iúl go héifeachtach. Tá reáchtáil chuí an nós imeachta sin riachtanach chun cearta an Bhallstáit sin a chosaint agus chun a chinntiú go bhfuil ábhar an nós imeachta chonspóidigh sainithe go soiléir. Dá bhrí sin, saothraítear trí chuspóir leis an nós imeachta réamhdhlíthíochta: ceadú do Bhallstát deireadh a chur le haon sárú, ceadú dó a chearta cosanta a fheidhmiú agus ábhar na díospóide a shainiú d'fhonn caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais (breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2015, *an Coimisiún* v *an tSlóvaic*, C-433/13, EU:C:2015:602, míreanna 39 agus 49).

[20] Ní éilítear leis an gceanglas go bhfuil ábhar imeachtaí faoi Airteagal 258 CFAE imscríofa leis an nós imeachta réamhdhlíthíochta dá bhforáiltear leis go mbeidh an chuid oibríochtúil den tuairim réasúnaithe agus an saghas ordaithe a lorgaítear san iarratas comhionann lena chéile, chomh fada is nach leathnaítear ná athraítear ábhar an iarratais ach go dteorannaítear é (breithiúnas an 14 Márta 2006, *an Coimisiún* v *an Fhrainc*, C-177/04, EU:C:2006:173, mír 37).

[21] Breithiúnas an 11 Samhain 2010, *an Coimisiún* v *an Phortaingéil* (C-543/08, EU:C:2010:669, mír 20). Féach freisin Airteagal 21 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 120(c) dá Rialacha Nós Imeachta.

[22] Féach Airteagal 260(1) CFAE.

amhras leis na himeachtaí seo ar dhleathacht chreat reachtach iomlán an Bhallstáit sin ar eadóirseacht.[23] Níl i gceist le caingean an Choimisiúin iarracht de chuid na hinstitiúide sin, le cabhair dhíreach nó indíreach na Cúirte Breithiúnais, reachtaíocht a thabhairt isteach i réimse shaoránacht an Aontais ach oiread.

37. Glacann Poblacht Mhálta leis go sáródh Ballstát a ghlac bearta eadóirseachta lenar eisiadh daoine de chine nó de thionscnamh eitneach ar leith, *inter alia*, Airteagal 20 CFAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 2 CAE. Ós rud é nach maíonn an Coimisiún go bhfeidhmíonn Scéim Saoránachta 2020 ar bhealach idirdhealaitheach ar bhonn cine, tionscnamh eitneach nó eile, níl gá don Chúirt Breithiúnais a thuilleadh ama a chaitheamh ar an argóint sin.[24] Maíonn Poblacht Mhálta freisin go ndearna sí iarrachtaí suntasacha agus gur infheistigh sí acmhainní suntasacha d'fhonn próiseas ilchisealaithe dícheall cuí a fheidhmiú chun a chinntiú go gcomhlíonann Scéim Saoránachta 2020, *inter alia*, reachtaíocht an Aontais maidir le frithsciúradh airgid, éilliú agus sceimhlitheoireacht, agus go gcuireann an scéim chun feidhme í. Ós rud é nach bhfuil caingean an Choimisiúin bunaithe ar aon mhainneachtain de chuid Phoblacht Mhálta an reachtaíocht den Aontas sin a chomhlíonadh, nó aon reachtaíocht eile, tá an argóint sin gan tábhacht freisin.

38. In imeachtaí faoi Airteagal 258 CFAE as mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh, ní mór don Choimisiún a chruthú nár chomhlíon Ballstát oibleagáid atá ceangailteach air faoi dhlí an Aontais agus ní féidir leis an gCoimisiún brath ar aon toimhde d'fhonn a leithéid a dhéanamh.[25]

39. Ordaítear le cásdlí socair go gceanglaítear le prionsabal an chomhair dhílis arna leagan amach in Airteagal 4(3) CAE ar Bhallstáit gach beart is gá leis a ghlacadh d'fhonn cur i bhfeidhm agus éifeachtacht dhlí an Aontais a ráthú. Níl ann do mhainneachtain an oibleagáid ghinearálta um chomhar dílis faoi Airteagal 4(3) CAE a chomhlíonadh ach a mhéid arb ionann an mhainneachtain sin agus iompar ar leith ó shárú ar oibleagáid shonrach atá dlite ag an mBallstát sin.[26]

40. Leis an gcaingean seo lorgaítear dearbhú ar dá réir, trí Scéim Saoránachta 2020 a bhunú agus a fheidhmiú, scéim lena n-ofráiltear eadóirseacht do dhaoine nach bhfuil fíornasc acu le Poblacht Mhálta, mar mhalairt ar íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhchinntithe, gur mhainnigh an Ballstát sin a oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 20(1) CFAE agus Airteagal 4(3). Mar a cinntíodh ag an éisteacht, eascraíonn líomhain an Choimisiúin go bhfeidhmíonn Scéim Saoránachta 2020 sa chaoi go bhforchuirtear oibleagáidí agus dualgais ar Bhallstáit eile de shárú ar Airteagal 4(3) as, agus leanann sí mar iarmhairt dá líomhain go sáraíonn Poblacht Mhálta Airteagal 20 CFAE. Ós rud é nach bhfuil cruthúnas ar shárú na bhforálacha sa Chonradh lena rialaítear saoránacht, níl aon bhunús, dá bhrí sin, sa dlí ná ó thaobh na bhfíoras de, don éileamh go sáraíonn Poblacht Mhálta dualgas an chomhair dhílis. Mar a chinntítear leis an gcásdlí, tagraíonn an sárú ar Airteagal 4(3) CAE d'iompar nach bhfuil idirdhealaithe ó shárú ar oibleagáid

[23] In imeachtaí faoi Airteagal 258 CFAE is ceist í don Choimisiún go heisiach, nuair a mheasann sé gur mhainnigh Ballstát a oibleagáidí a chomhlíonadh, a mheas an bhfuil sé iomchuí gníomhú i gcoinne an Stáit sin, na forálacha a mhaíonn sé gur sháraigh an Stát sin a shainaithint, agus a roghnú cathain a thionscnóidh sé na himeachtaí sin (breithiúnas an 3 Márta 2016, *an Coimisiún* v *Málta*, C-12/14, EU:C:2016:135, mír 24).

[24] Maíonn Poblacht Mhálta go gcuireann Scéim Saoránachta 2020 critéir oibiachtúla agus trédhearcacha i bhfeidhm. Dearbhaítear in Airteagal 5(1) den Choinbhinsiún Eorpach um an Náisiúntacht, arna ghlacadh faoi choimirce Chomhairle na hEorpa, a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2000 (an 'Coinbhinsiún Eorpach um an Náisiúntacht'), 'ní bheidh idirdhealuithe i rialacha Stáit Chonarthaigh ar náisiúntacht agus ní bheidh aon chleachtas iontu arb ionann iad agus idirdhealú ar bhonn gnéis, creidimh, cine, datha nó tionscnamh náisiúnta nó eitneach'.

[25] Féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Aibreán 2005, *an Coimisiún* v *Éire* (C-494/01, EU:C:2005:250, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[26] Breithiúnas an 17 Nollaig 2020, *an Coimisiún* v *an tSlóivéin (Cartlanna BCE)* (C-316/19, EU:C:2020:1030, míreanna 119 agus 121 agus an cásdlí dá dtagraítear).

shonrach bunaithe ar Airteagal 20 CFAE. Dá bhrí sin comhairlím don Chúirt Bhreithiúnais, sna himeachtaí seo, nach bhfuil uirthi an líomhain gur mhainnigh Poblacht Mhálta Airteagal 4(3) a chomhlíonadh a scrúdú ar bhealach leithleach ón líomhain a dhéantar faoi Airteagal 20 CFAE.

– An ceanglas maidir le 'fíornasc' faoi dhlí náisiúntachta an Aontais agus an dlí náisiúntachta idirnáisiúnta

41. Is léir ó bharúlacha i scríbhinn agus ó bhéal na bpáirtithe nach bhfuil aon chonspóid eatarthu maidir le hinneachar Scéim Saoránachta 2020 agus an bealach ina bhfeidhmíonn sí. Ní chonspóideann Poblacht Mhálta, go háirithe, go n-ofráileann sí eadóirseacht do dhaoine mar mhalairt ar íocaíochtaí réamhchinntithe, faoi réir comhlíonadh ceanglas ar leith acu.[27] Ag an éisteacht, chinntigh Poblacht Mhálta, mar mhalairt ar íoc ranníocaíochta airgeadais speisialta, gur leor bliain amháin de chónaí dlíthiúil sa Bhallstát sin chun críoch eadóirseachta. Chinntigh an Coimisiún ina bharúlacha ó bhéal go bhfuil a ghearán aonair bunaithe ar cheanglas a bheith ann faoi dhlí an Aontais – agus, ar bhealach laghdaithe, faoin dlí idirnáisiúnta – d'fhonn sláine shaoránacht an Aontais a chaomhnú, go bhfuil 'fíornasc' ann idir Ballstát agus a náisiúnaigh. Le linn na mbarúlacha sin, dheimhnigh an Coimisiún freisin go mbraitheann rath a chaingne ar bhailíocht an bhoinn sin.

42. Leagtar síos saoránacht an Aontais le hAirteagal 20(1) CFAE. I gcomhréir le hAirteagal 9 CAE agus Airteagal 20(1) CFAE, beidh gach duine a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit aige ina shaoránach den Aontas Eorpach. Foráiltear thairis sin le hAirteagal 9 CAE go mbeidh saoránacht an Aontais ann de bhreis ar an tsaoránacht náisiúnta agus ní ghabhfaidh sí a hionad. Tá stádas shaoránacht an Aontais nasctha go doscartha le, agus ag brath go hiomlán ar sheilbh náisiúntachta Ballstáit. Is é atá mar thoradh ar fháil náisiúntachta Ballstáit ná go bhfaightear saoránacht an Aontais go huathoibríoch agus gan choinníoll. Is é atá mar thoradh ar chailleadh náisiúntachta Ballstáit ná go gcailleann an duine lena mbaineann a stádas mar shaoránach den Aontas.[28] Is *sine qua non* nó 'coinníoll riachtanach' í náisiúntacht Bhallstáit chun bheith i saoránach den Aontas.

43. Ó tugadh an breithiúnas in *Grzelczyk*,[29] chinntigh an Chúirt Bhreithiúnais arís agus arís eile go bhfuil saoránacht an Aontais 'ceaptha le bheith ina stádas bunúsach de náisiúnaigh na mBallstát'.[30] Sa chleachtas ciallaíonn seo go ndeonaítear le saoránacht an Aontais raon chearta ar na daoine a bhfuil sí i seilbh acu. Áirítear ina measc an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh

[27] Féach mír 29 den Tuairim seo.

[28] Breithiúnas an 9 Meitheamh 2022, *Préfet du Gers agus Institut national de la statistique et des études économiques* (C-673/20, EU:C:2022:449, míreanna 46 go 48 agus 57) (an breithiúnas in '*Préfet du Gers*'). Dearbhaítear i mír 48 de 'le hAirteagal 9 CAE agus Airteagal 20 CFAE, bhunaigh údair na gConarthaí nasc doscartha agus eisiach idir seilbh ar náisiúntacht Bhallstáit agus ní hamháin fáil, ach freisin coimeád, stádas shaoránach an Aontais'. I ndiaidh cinneadh ceannasach na Ríochta Aontaithe chun tarraingt siar ón Aontas Eorpach ar bhonn Airteagal 50(1) CAE, scoir na Conarthaí de bheith i bhfeidhm i leith na Ríochta Aontaithe ó theacht i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020 an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO 2020 L 29, lch. 7). Ón dáta sin, níl náisiúntacht Bhallstáit ag náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe a thuilleadh agus ní saoránaigh den Aontas iad a thuilleadh. Féach an breithiúnas in *Préfet du Gers*, mír 91.

[29] Breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2001, *Grzelczyk* (C-184/99, EU:C:2001:458, mír 31). Féach freisin breithiúnais an 17 Meán Fómhair 2002, *Baumbast agus R* (C-413/99, EU:C:2002:493, mír 82) agus an 15 Iúil 2021, *The Department for Communities in Northern Ireland* (C-709/20, EU:C:2021:602, mír 62). I dTuairim 2/13 *(Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR)* an 18 Nollaig 2014 (EU:C:2014:2454, mír 172) dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais 'go gcuirtear an cúram chun cuspóirí an Aontais, mar a leagtar amach iad in Airteagal 3 CAE, a shaothrú ar shraith forálacha bunúsacha, amhail iad siúd lena bhforáiltear do shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipiteal agus daoine, saoránacht an Aontais, an limistéar saoirse, slándála agus ceartais agus beartas iomaíochta. Tá na forálacha sin, atá mar pháirt de chreat córais atá sonrach don Aontas, struchtúraithe ar bhealach — gach ceann laistigh dá réimse sonrach agus lena thréithe sonracha féin — lena gcuirtear le cur i bhfeidhm an phróisis lánpháirtithe arb ionann é agus *raison d'être* an Aontais féin'.

[30] Féach freisin an breithiúnas in *Tjebbes*, mír 31 agus an breithiúnas in *Préfet du Gers*, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear.

de chríoch na mBallstát [31] agus an ceart chun vóta a chaitheamh agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin chuig an bParlaimint Eorpach agus i dtoghcháin bhardasacha ina mBallstát cónaithe faoi na coinníollacha céanna a chuirtear i bhfeidhm i leith náisiúnaigh an Stáit sin. [32] Féadfaidh gach saoránach den Aontas brath freisin ar an gcosc ar idirdhealú de bhíthin náisiúntachta in Airteagal 18 CFAE i ngach cás a thagann laistigh de raon feidhme *ratione materiae* dhlí an Aontais. [33] Ní dhéantar iarracht feidhmiú na gceart sin a eisiamh ó bheith faoi réir coinníollacha áirithe le stádas bunúsach shaoránacht an Aontais agus na hoibleagáidí agus dualgais a fhorchuirtear leis sin ar Bhallstáit. [34]

44. Ós rud é go bhfuil leas shaoránacht an Aontais ag braith go hiomlán ar náisiúntacht Bhallstáit a bheith ann, is cásdlí socair é gur do gach Ballstát atá sé, agus é ag gníomhú laistigh dá inniúlacht eisiach [35] agus aird chuí á tabhairt aige ar an dlí idirnáisiúnta, [36] na coinníollacha a leagan síos faoinar féidir a náisiúntacht a fháil agus a chailleadh. [37] Mar a chuir mé in iúl i mo Thuairim in *Préfet du Gers*, [38] d'fhéadfadh na Ballstáit cinneadh a n-inniúlachtaí a chur le chéile agus a dheonú don Aontas Eorpach an chumhacht a chinneadh cé a bhféadfadh teacht chun bheith ina saoránach den Aontas. Chinn siad gan a leithéid a dhéanamh.

[31] Airteagal 20(2)(a) CFAE agus Airteagal 21 CFAE. Tá na cearta a dheonaíonn Airteagal 21(1) CFAE ar shaoránaigh an Aontais ceaptha, i measc nithe eile, a lánpháirtiú de réir a chéile i sochaí an Bhallstáit óstaigh a chur chun cinn (breithiúnas an 14 Samhain 2017, *Lounes*, C-165/16, EU:C:2017:862, mír 56).

[32] Faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha arna sainiú leis na Conarthaí agus leis na bearta arna nglacadh dá mbun: Airteagal 20(2)(b) CFAE agus Airteagal 22 CFAE. Féach freisin Airteagail 40 agus 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

[33] Níl Airteagal 18 CFAE ceaptha le feidhm a bheith aige go neamhspleách ach i leith cásanna a rialaítear le dlí an Aontais agus ina leith nach bhfuil rialacha sonracha in CFAE maidir le neamh-idirdhealú (breithiúnas an 15 Iúil 2021, *The Department for Communities in Northern Ireland*, C-709/20, EU:C:2021:602, míreanna 63 agus 65 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[34] Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 6(1) de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais agus ag a mbaill teaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO 2004 L 158, lch. 77), 'beidh ceart cónaithe ag saoránaigh an Aontais ar chríoch Ballstáit eile le haghaidh tréimhse suas go dtí 3 mhí gan aon choinníollacha ná haon fhoirmiúlachtaí seachas an ceanglas cárta aitheantais nó pas bailí a bheith acu.' I gcodarsnacht leis sin, de bhun Airteagail 7 agus 16 de Threoir 2004/38, tá ceart cónaithe saoránaigh den Aontas i mBallstát eile le haghaidh tréimhse níos faide ná 3 mhí ach níos giorra ná 5 bliana faoi réir coinníollacha breise. Mar shampla, foráiltear in Airteagal 7(1)(b) de Threoir 2004/38 nach mór go mbeidh ag saoránaigh den Aontas atá neamhghníomhach 'acmhainní leordhóthanacha dóibh féin agus dá mbaill teaghlaigh sa chaoi nach mbeidh siad ina n-ualach ar chóras cúnaimh shóisialta an Bhallstáit óstaigh le linn dá dtréimhse chónaithe …', féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, *The Department for Communities in Northern Ireland* (C-709/20, EU:C:2021:602, míreanna 75 go 79).

[35] Níl aon reachtaíocht den Aontas maidir le fáil nó cailleadh shaoránacht an Aontais. Thug Poblacht Mhálta faoi deara ag an éisteacht go bhféadfaí reachtaíocht amhail a thabhairt isteach ar bhonn Airteagal 352 CFAE.

[36] Ina bharúlacha i scríbhinn agus ó bhéal, maíonn an Coimisiún nach mbraitheann sé ar an dlí idirnáisiúnta sna himeachtaí seo. Tá an dearbhú sin beagán neamhsheasmhach leis an gcaoi a bhraitheann sé ar an mbreithiúnas in *Nottebohm* chun tacú lena chás. Éilítear le dlí an Aontais in aon chás ar Bhallstáit an dlí idirnáisiúnta a urramú nuair a leagann siad síos rialacha maidir le fáil agus cúlghairm náisiúntachta: féach an breithiúnas in *Tjebbes*, mír 30. Leanann sé as sin, in éagmais coinbhleachta, go bhfuil tionchar ag an dlí idirnáisiúnta ar chaighdeáin dhlí an Aontais sa réimse seo, agus nach mór do dhlí an Aontais an dlí idirnáisiúnta a urramú. Féach, áfach, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Poiares Maduro in *Kadi* v *an Chomhairle agus an Coimisiún* (C-402/05 P, EU:C:2008:11, mír 24), nuair a dhearbhaíonn sé go 'rialaítear an caidreamh idir an dlí idirnáisiúnta agus dlíchóras an Aontais le dlíchóras an Aontais é féin, agus ní féidir leis an dlí idirnáisiúnta leathadh ar fud an dlíchórais sin ach faoi na coinníollacha arna leagan síos le prionsabail bhunreachtúla an Aontais Eorpaigh'.

[37] Breithiúnas an 18 Eanáir 2022, *Wiener Landesregierung (Cúlghairm gealltanais ar eadóirseacht)* (C-118/20, EU:C:2022:34, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear) ('an breithiúnas in *Wiener Landesregierung*'). Féach, de réir análaí, an breithiúnas in *Kaur*, mír 25. Shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais nár baineadh le dearbhú aontaobhach Ballstáit roimh a aontachas leis an gComhphobal Eorpach (CE) chun teorainneacha raon feidhme *ratione personae* forálacha CE a shonrú, agus dá bhrí sin, na náisiúnaigh den Bhallstát sin a bhainfeadh leas as na forálacha sin, tairbhe na gceart sin ó náisiúnaigh an Bhallstáit sin, ós rud é nár bhain siad tairbhe astu riamh cheana.

[38] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Collins in *Préfet du Gers agus Institut national de la statistique et des études économiques* (C-673/20, EU:C:2022:129, mír 22).

45. Léirítear freisin le Dearbhú Uimh. 2 ar náisiúntacht Bhallstáit, atá mar iarscríbhinn leis an ngníomh deireanach den Chonradh ar an Aontas Eorpach,[39] méid shainphribhléidí na mBallstát sa réimse seo. Mar a chonaiceamar, eascraíonn fáil shaoránacht an Aontais go huathoibríoch as fáil náisiúntachta Ballstáit, a bhfuil na Ballstáit go léir eile ceangailte, faoi dhlí an Aontais, a aithint. Déantar soiléir é le Dearbhú Uimh. 2 '… pé áit sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach go ndéantar tagairt do náisiúnaigh na mBallstát, cinnfear an cheist cé acu an bhfuil nó nach bhfuil náisiúntacht Bhallstáit ag duine aonair trí thagairt do dhlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann amháin …' Leis sin léiríonn Dearbhú Uimh. 2 dearcadh na mBallstát go mbaineann a dtuiscint faoi seach ar náisiúntacht le fíor-substaint a gceannasachta agus a bhféiniúlachta náisiúnta, nach bhfuil sé mar rún acu a chur le chéile.

46. Tá roinnt tagairtí sna Conarthaí do phobail na hEorpa, do phobail an Aontais, do phobail na mBallstát agus do phobail Eorpacha. Is ionann saoránaigh an Aontais, thairis sin, agus comhghníomhaithe an Aontais Eorpaigh i bpolaití aonair,[40] ar a dtugtar fianaise, go háirithe, leis an gceart chun vóta a chaitheamh agus chun seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin chuig an bParlaimint Eorpach.[41] Ní bhaineann seo, in aon slí, ón bhfíoras gur chinn na Ballstáit gur dóibhsean amháin atá sé a chinneadh cé a bhfuil i dteideal a bheith mar cheann dá náisiúnaigh agus, mar thoradh air sin, cé atá ina saoránach den Aontas. Ní fhorchuirtear oibleagáidí ar na Ballstáit maidir leis na téarmaí agus coinníollacha faoina ndeonaíonn siad náisiúntacht dá bhrí sin leis an 'bpolaití aonair' a eascraíonn as cruthú shaoránacht an Aontais.

47. I spiorad na hurraime agus na hiontaoibhe frithpháirtí, d'aontaigh na Ballstáit gan coinníoll seasamh le cinntí Ballstáit eile maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil náisiúntacht Bhallstáit agus, dá bhrí sin, saoránacht an Aontais, ag duine aonair, gan beann ar an gcaidreamh ar leith idir an duine sin agus an Ballstát sin. Ní cheadaítear le hAirteagal 9 CAE, Airteagal 20(1) CFAE agus Dearbhú Uimh. 2 d'institiúidí an Aontais, nó do Bhallstáit eile, aon choinníollacha a thabhairt isteach le haghaidh aithint náisiúntachta Ballstáit eile.

48. Sa bhreithiúnas in *Micheletti*,[42] chinn an Chúirt Bhreithiúnais, d'fhonn na saoirsí bunúsacha dá bhforáiltear i gConradh CE a fheidhmiú, nach bhfuil sé ceadaithe go srianfaidh reachtaíocht Bhallstáit na héifeachtaí le deonú náisiúntachta Ballstáit eile trí aon choinníoll breise a fhorchur le haghaidh aithint na náisiúntachta sin.[43] Cé gur tugadh an breithiúnas sin roimh bhunú shaoránacht an Aontais, rinne an Chúirt Bhreithiúnais athrá ar an bprionsabal sin, *inter alia*, sa bhreithiúnas in *Zhu agus Chen*,[44] i gcomhthéacs shaoránacht an Aontais.[45] Leanann sé as sin nach mór don Aontas Eorpach, a institiúidí agus a Bhallstáit, i bprionsabal, rialacha na mBallstát go léir eile a chomhlíonadh maidir leis na coinníollacha le haghaidh náisiúntacht a fháil agus a

[39] IO 1992 C 191, lch. 98 ('Dearbhú Uimh. 2'), a ghabhann le Conradh Maastricht 1992 lenar bunaíodh saoránacht an Aontais. Bhí Dearbhú Uimh. 2 beartaithe le raon *ratione personae* fhorálacha dhlí an Aontais a thagair do choincheap 'náisiúnach' a shoiléiriú agus dá bhrí sin ní mór é a chur san áireamh agus raon *ratione personae* CAE á chinneadh (breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2023, *Udlændinge- og Integrationsministeriet (Cailleadh náisiúntacht na Danmhairge)*, C-689/21, EU:C:2023:626, mír 27).

[40] Tá an 'polaití aonair' sin teoranta le forálacha na gConarthaí agus dá bhrí ní féidir é a chothromú le polaití Stáit.

[41] Airteagal 20(2)(b) CFAE. Féach freisin Airteagail 9 go 11 CAE ar phrionsabail dhaonlathacha, a thagraíonn go leathan do shaoránaigh an Aontais.

[42] Mír 10.

[43] Ina Thuairim in *Micheletti agus páirtithe eile* (C-369/90, EU:C:1992:47, míreanna 3 agus 4), dhearbhaigh an tAbhcóide Ginearálta Tesauro go bhfuil fáil agus cailleadh náisiúntachta ina gceist do gach Stát go heisiach. Is é seilbh ar náisiúntacht Bhallstáit, gan beann ar an mbealach inar fuarthas í, an t-aon réamhchoinníoll nach mór do dhuine aonair a shásamh d'fhonn an ceart bunaíochta a fheidhmiú, agus ní féidir aon ghné nó critéar eile a chur san áireamh.

[44] Mír 39. Féach freisin breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2003, *Garcia Avello* (C-148/02, EU:C:2003:539, mír 28). Sa bhreithiúnas in *Zhu agus Chen*, mír 39, ní thagraíonn an Chúirt Bhreithiúnais do shrian a fhorchuirtear le reachtaíocht ach dearbhaíonn sí i dtéarmaí leathana nach féidir le Ballstát na héifeachtaí le deonú náisiúntachta Ballstáit eile a shrianadh trí choinníollacha breise a fhorchur le haghaidh aitheantas na náisiúntachta sin.

[45] Airteagail 17 agus 18 CE (anois Airteagail 20 agus 21 CFAE).

chailleadh. Tá sé mar chomhthoradh leis an gcóras aitheantais fhrithpháirtigh shainordaithigh a scrúdaítear leis an gcásdlí seo nach n-éilítear ar Bhallstáit tuiscint roinnte a bheith acu ar an méid arb ionann é agus náisiúntacht agus gur féidir difear a bheith ann idir a rialacha dá deonú.

49. Cé nach leagtar síos le dlí an Aontais na coinníollacha le haghaidh náisiúntacht Bhallstáit a fháil agus a chailleadh,[46] agus go bhfuil orthu rialacha a chéile a chomhlíonadh chuige sin, cinneadh nach féidir le cur i bhfeidhm na rialacha sin dlí an Aontais a shárú i gcásanna a thagann laistigh de raon feidhme dhlí an Aontais.[47] Níl feidhmiú sainphribhléide ceannasaí Ballstáit chun saoránacht a dheonú nó a aistarraingt gan teorainn agus d'fhéadfadh dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta, i bprionsabal, a feidhmiú a srianadh.[48] Mar mhalairt ar mhaíomh Phoblacht Mhálta, d'fhéadfadh aon sárú ar dhlí an Aontais, gan beann ar an gcaoi a chuirtear creat air, a bheith ina ábhar do chaingean de bhun Airteagal 258 CFAE as mainneachtain oibleagáid a chomhlíonadh. Níl dul i muinín an nós imeachta sin coimeádta d'ionchúiseamh sáruithe dáiríre, mar a bhféadfaí a thabhairt orthu.[49]

50. Seachas an chaingean seo, nílim feasach ar aon chás go dtí seo inar scrúdaigh an Chúirt Bhreithiúnais rialacha Ballstáit maidir le fáil náisiúntachta i bhfianaise dhlí an Aontais agus, go háirithe trí thagairt do shaoránacht an Aontais. Is cosúil go mínítear an méid sin mar gheall nach féidir le dlí an Aontais ceart a bhronnadh ar dhuine chun bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit. Sa bhreithiúnas in *Micheletti* ní dhearna an Chúirt Bhreithiúnais athbhreithniú ar rialacha na hIodáile ar eadóirseacht i bhfianaise dhlí an Aontais ach ar chomhoiriúnacht rialacha Spáinneacha lenar rinneadh iarracht éifeacht dhlí na hIodáile a shrianadh sa Spáinn le dlí an Aontais. Sa bhreithiúnas in *Zhu agus Chen*,[50] scrúdaigh an Chúirt Bhreithiúnais an cheist maidir le mí-úsáid dlí nó mí-úsáid chearta i gcomhthéacs fháil shaoránacht an Aontais.[51] Dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais do mhaíomh Rialtas na Ríochta Aontaithe gur cheart bac a chur ar náisiúnach tríú tír brath ar dhlí an Aontais – go háirithe ar cheart shaoránaigh an Aontais chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríocha na mBallstát – i gcás inar eagraigh an duine sin cúrsaí ar chaoi le cinntiú go bhfuair a pháiste náisiúntacht Bhallstáit agus dá bhrí sin saoránacht an Aontais agus na cearta a eascraíonn as sin. Trí dhiúltú le maíomh an rialtais sin,

[46] Rialaítear le prionsabal an deonaithe sannadh inniúlachtaí ar an Aontas Eorpach: Airteagal 4(1) agus Airteagal 5(1) agus (2) CAE. Fanann inniúlachtaí nach ndeonaítear don Aontas Eorpach iad leis na Ballstáit. Ní féidir leis an Aontas Eorpach inniúlachtaí i réimsí a choimeádtar go heisiach do na Ballstáit a thógáil.

[47] Cuirtear an toimhde ghinearálta de dhlí an Aontais seo i bhfeidhm leis an mbreithiúnas in *Rottmann*, míreanna 39 agus 41 agus an breithiúnas in *Tjebbes*, mír 30.

[48] Féach breithiúnas an 14 Nollaig 2021, *Stolichna obshtina, rayon 'Pancharevo'* (C-490/20, EU:C:2021:1008, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear), inar dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais gur 'do gach Ballstát atá sé, agus aird chuí á tabhairt ar an dlí idirnáisiúnta, na coinníollacha a leagan síos le haghaidh náisiúntacht a fháil agus a chailleadh, agus i gcásanna a chumhdaítear le dlí an Aontais, ní mór go dtabharfaidh na rialacha náisiúnta lena mbaineann aird chuí ar dhlí an Aontais'.

[49] Ceadaíonn Airteagal 258 CFAE don Choimisiún imeachtaí a thionscnamh as mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh nuair atá sé den tuairim gur mhainnigh Ballstát oibleagáid a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais, gan a cheangal air idirdhealuithe a dhéanamh trí thagairt do chineál agus tromchúis an tsáraithe líomhainte. Breithiúnas an 27 Samhain 1990, *an Coimisiún* v *an Iodáil* (C-209/88, EU:C:1990:423, mír 14). Féach, de réir análaí, breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2007, *an Coimisiún* v *an Danmhairg* (C-19/05, EU:C:2007:606, mír 35).

[50] An breithiúnas in *Zhu agus Chen*, míreanna 34 go 40.

[51] Féach, de réir analaí, Sloane, R. D., '*Breaking the Genuine Link. The Contemporary International Legal Regulation of Nationality*', Harvard International Law Review, Iml. 50, Uimh. 1. Measann an t-údar gur féidir an breithiúnas in *Nottebohm* a thuiscint i gceart mar chinneadh cúng inar agair CBI an prionsabal ginearálta de mhí-úsáid ar dhlí d'fhonn a chosc ar Nottebohm éalú ó iarmhairtí dhlí an chogaidh.

chuir an Chúirt Bhreithiúnais chun suntais nár cheistigh aon cheann de na páirtithe a chuir barúlacha isteach sa chás dleathacht na fála, nó an fíoras go bhfuair an páiste faoi cheist náisiúntacht Bhallstáit.[52]

51. Chinntigh an Chúirt Bhreithiúnais nach mór go gcomhlíonfaidh daoine aonair an prionsabal ginearálta dlí ar dá réir nach féidir brath ar dhlí an Aontais chun críoch mí-úsáideach nó calaoiseach.[53] D'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh, i bprionsabal, dá bhrí sin, ar dhleathacht dheonú nó fháil shaoránacht an Aontais i bhfianaise an choincheapa sin. Líomhnaítear leis an gcaingean seo mainneachtain ag Poblacht Mhálta a hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 20 CFAE. Ní líomhnaítear léi go ndearna an Ballstát sin mí-úsáid ar an dlí nó ar na cearta a thugtar dó. Dá bhrí sin, ní thagann cur i bhfeidhm féideartha an teagaisc sin chun cinn le haghaidh measúnú sna himeachtaí seo.

52. Tá cásdlí na Cúirte Breithiúnais níos flúirsí ar an gceist maidir le haistarraingt nó cailleadh shaoránacht an Aontais. Cé go gcoimeádtar an inniúlacht chun náisiúntacht a dheonú do na Ballstáit agus go bhfuil saoránacht an Aontais coinníollach ar fheidhmiú na hinniúlachta sin, tá dul i muinín na sainphribhléide chun saoránacht náisiúnta, agus dá bhrí sin saoránacht an Aontais, a aistarraingt faoi réir roinnt srianta inaitheanta. Gné thábhachtach den chásdlí seo ná go mbaineann sé le feidhmiú sainphribhléidí ceannasacha na mBallstát *vis-à-vis* a náisiúnaigh féin agus ní náisiúnaigh de Bhallstáit eile nó de thríú tíortha. Eascraíonn sé as buarthaí go bhfágfaí daoine aonair gan stát le haistarraingt saoránachta náisiúnta, a bhfuil cailleadh shaoránacht an Aontais mar thoradh uirthi, agus go mbainfí a gcearta faoi na Conarthaí agus faoin gCairt uaidh go ráthaítear le dlí an Aontais íoschaighdeán cosanta dlíthiúla do dhaoine atá i gcúinsí amhail. Mar gheall air seo tá cás ann ina bhfuil sé dodhéanta comparáid chruinn a dhéanamh idir deonú agus aistarraingt náisiúntachta Ballstáit, leis an iarmhairt go ndéanann dlí an Aontais éilimh dhifriúla ar na Ballstáit faoi gach ceann de na teidil sin. Ar na cúiseanna seo, aontaím le maíomh Phoblacht Mhálta nach féidir aistarraingt náisiúntachta Ballstáit a chothromú lena fáil.

53. Léirítear an méid seo leis an mbreithiúnas in *Rottmann*,[54] inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais, gan beann ar an bhfíoras go dtagann na coinníollacha le haghaidh náisiúntacht a fháil agus a chailleadh laistigh d'inniúlacht na mBallstát, go bhfuil feidhm ag dlí an Aontais i gcúinsí ina bhféadfadh duine aonair a shaoránacht den Aontas agus na cearta a ghabhann léi a chailleadh. I gcás ina n-imríonn feidhmiú ag Ballstát dá chumhachtaí sa réimse seo tionchar ar chearta a bhronann agus a chosnaíonn dlí an Aontais, d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach trí thagairt do na cearta sin. Féadfaidh Ballstát a náisiúntacht a aistarraingt ó dhuine aonair i gcás inar fuarthas í trí mheabhlaireacht, cé go gcaillfidh an duine lena mbaineann

[52] Éilítear mar chruthúnas ar chleachtas mí-úsáideach, ar dtús, meascán cúinsí oibiachtúla inar teipeadh, in ainneoin comhlíonadh foirmiúil na gcoinníollacha arna leagan síos le dlí an Aontais, cuspóir na rialacha a bhaint amach agus, sa dara háit, gné shuibiachtúil arb ionann í agus rún buntáistí a bhaint as rialacha an Aontais trí na coinníollacha arna leagan síos chun é a fháil a chruthú go saorga. Breithiúnas an 26 Feabhra 2019, *T Danmark agus Y Denmark* (C-116/16 agus C-117/16, EU:C:2019:135, míreanna 70 agus 97 agus an cásdlí dá dtagraítear) ('an breithiúnas in *T Danmark*').

[53] An breithiúnas in *T Danmark*, míreanna 70 go 71 agus an cásdlí dá dtagraítear. D'fhéadfadh an coincheap mí-úsáid ar dhlí an Aontais nó mí-úsáid ar chearta, i bprionsabal, feidhm a bheith aige i leith gníomhaíochtaí daoine aonair agus Ballstát, chomh fada is a shuitear inniúlacht an Aontais a éilítear agus na cruthúnais ar ghá leo.

[54] Míreanna 41, 42, 48, 57 agus 58.

saoránacht an Aontais agus go bhféadfadh siad teacht chun bheith gan stát,[55] chomh fada agus a chomhlíontar prionsabal na comhréireachta.[56] D'fhéadfadh go gceanglófaí le cur i bhfeidhm an phrionsabail sin go ndeonófaí don duine lena mbaineann tréimhse réasúnta ama roimh chailleadh a náisiúntachta chun a cheadú dó iarracht a dhéanamh náisiúntacht Bhallstáit eile a fháil arís.[57]

54. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais freisin, sa bhreithiúnas in *Tjebbes*,[58] go bhféadfadh Ballstát náisiúntacht a mheas go dlisteanach mar bheith ina léiriú ar fhíornasc leis an mBallstát sin. Dá bhrí sin d'fhéadfadh Ballstát a cheangal go n-eascraíonn cailleadh náisiúntachta as easnamh, nó cailleadh, fíornasc idir an Ballstát féin agus duine aonair chomh fada is a bhfuil feidhm ag prionsabal na comhréireachta ag féachaint d'iarmhairtí an chaillte don duine lena mbaineann[59] ó thaobh dhlí an Aontais de. Dar leis an gCúirt Bhreithiúnais, bheadh cailleadh náisiúntachta Ballstáit trí fheidhmiú an dlí ar neamhréir le prionsabal na comhréireachta dá mba rud é nár ceadaíodh leis na rialacha náisiúnta ábhartha scrúdú aonair ar iarmhairtí an chaillte sin do na daoine lena mbaineann.[60]

55. Leanann sé as sin cé go bhféadfadh Ballstát cruthúnas ar fhíornasc a éileamh, i gcomhréir lena dhlíthe náisiúntachta féin, mar a shainítear i gcomhréir leo – nó 'an caidreamh speisialta de dhlúthpháirtíocht agus meon macánta idir é féin agus a náisiúnaigh'[61] – ní shainíonn dlí an Aontais nasc amhail, agus ní cheanglaíonn sé gurb ann dó d'fhonn an náisiúntacht sin a fháil nó a choimeád.[62] Ní cheadaíonn dlí an Aontais ceanglas amhail faoi dhlí náisiúnta Ballstáit ach i

[55] Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 15(2) den Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1948, 'ní bhainfear a náisiúntacht go treallach ó aon duine'. Foráiltear le hAirteagal 8(2)(b) den Choinbhinsiún maidir le Laghdú ar Líon na nDaoine gan Stát arna dhéanamh i Nua Eabhrac an 30 Lúnasa 1961, a tháinig i bhfeidhm an 13 Nollaig 1975, gur féidir náisiúntacht Stáit Chonarthaigh a bhaint ó dhuine i gcás go bhfuarthas an náisiúntacht sin trí mhífhaisnéis nó trí chalaois. Foráiltear thairis sin le hAirteagal 8(4) nach bhfeidhmeoidh Stát Conarthach cumhacht díthe atá ceadaithe le hAirteagal 8(2)(b) ach i gcomhréir leis an dlí, lena bhforálfaí go mbeidh an ceart ag an duine lena mbaineann triail chóir a fháil ós comhair cúirte nó comhlachta neamhspleách eile. In éineacht leis sin, dearbhaítear in Airteagal 7(1) den Choinbhinsiún Eorpach um an Náisiúntacht 'ní fhéadfadh Stát Conarthach foráil a dhéanamh ina dhlí inmheánach le haghaidh chailleadh a náisiúntachta *ex lege* nó as stuaim an Stáit Chonarthaigh ach sna cásanna seo a leanas: … (b) fáil náisiúntacht an Stáit Chonarthaigh trí iompar calaoiseach, faisnéis mhíchruinn nó ceilt aon fhíorais ábhartha atá inchurtha i leith an iarratasóra.' Féach freisin Airteagal 18(2)(a) de lena bhforáiltear '[a]gus cinneadh á dhéanamh maidir le deonú nó coimeád náisiúntachta i gcásanna de chomharbas Stáit, cuirfidh gach Stát Conarthach an méid seo a leanas san áireamh go háirithe: … (a) nasc fíor agus éifeachtach an duine lena mbaineann leis an Stát…'.

[56] Chinn an Chúirt Bhreithiúnais gur féidir bonn cirt a thabhairt le cinneadh náisiúntacht a aistarraingt ar fhorais meabhlaireachta ar mhaithe le leas an phobail: an breithiúnas in *Rottmann*, mír 51; an breithiúnas in *Tjebbes*, mír 33 agus an breithiúnas in *Wiener Landesregierung*, mír 52.

[57] Ar ceist í don chúirt a rinne an tarchur le cinneadh.

[58] Míreanna 35, 40 agus 41. Scrúdaigh an Chúirt Bhreithiúnais cé acu an gcoisctear le hAirteagal 20 CFAE reachtaíocht Bhallstáit lena bhforáiltear go gcaillfear a náisiúntacht trí fheidhmiú an dlí. I gcás daoine nach náisiúnaigh iad freisin de Bhallstát eile, tarlaíonn an cailleadh sin de shaoránacht an Aontais in easnamh aon scrúdú aonair ar chomhréireacht an chaillte sin don duine lena mbaineann.

[59] Agus, más ábhartha, maidir le baill a theaghlaigh (breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2023, *Udlændinge- og Integrationsministeriet (Cailleadh náisiúntacht na Danmhairge)*, C-689/21, EU:C:2023:626, mír 32). Ní mór go mbeidh cailleadh náisiúntachta comhsheasmhach leis na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt, go háirithe, an ceart go ndeanfar an saol teaghlaigh a urramú in Airteagal 7 de (an breithiúnas in *Tjebbes*, mír 45; an breithiúnas in *Wiener Landesregierung*, mír 61).

[60] Féach an breithiúnas in *Tjebbes*, mír 41, agus an breithiúnas in *Wiener Landesregierung*, mír 59. Mheas an Chúirt Bhreithiúnais go raibh cinneadh Ballstáit chun gealltanas náisiúntacht a dheonú a chúlghairm, as ar eascair cailleadh buan shaoránacht an Aontais don duine lenar bhain sé, ar neamhréir le prionsabal na comhréireachta i gcás inarb ionann na forais leis an gcinneadh sin agus an fíoras go ndearna an duine aonair cionta tráchta riaracháin is inphionóis le pionóis airgid (an breithiúnas in *Wiener Landesregierung*, mír 74).

[61] Breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *Stadt Duisburg (Cailleadh náisiúntacht na Gearmáine)* (C-684/22 go C-686/22, EU:C:2024:345, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[62] Féach, de réir análaí, Airteagal 7(1) den Choinbhinsiún Eorpach um an Náisiúntacht ar dá réir 'ní fhéadfadh Stát Conarthach foráil a dhéanamh ina dhlí inmheánach le haghaidh chailleadh a náisiúntachta *ex lege* nó as stuaim an Stáit Chonarthaigh ach sna cásanna seo a leanas: … (e) éagmais fíornaisc idir an Stát Conarthach agus náisiúnach a bhfuil cónaí air thar lear de ghnáth'. Ní shainíonn an coinbhinsiún 'fíornasc'. Leanann sé as sin, i mo thuairim, go bhfágann Airteagal 7(1)(e) den Choinbhinsiún Eorpach um an Náisiúntacht do gach Stát Conarthach é a chinneadh cad is fíornasc ann idir é féin agus a náisiúnaigh.

gcomhthéacs aistarraingt nó cúlghairm náisiúntachta chomh fada is a n-urramaítear prionsabal na comhréireachta agus go ndeonaítear ráthaíochtaí nós imeachta ar leith don duine ar a n-imrítear tionchar.[63]

56. Maidir leis an gceanglas 'fíornasc' a bheith ann mar cheist den dlí idirnáisiúnta, is fíor é – mar a chuireann an Coimisiún in iúl – sa bhreithiúnas in *Nottebohm*,[64] gur chinn CBI go bhféadfadh Stát diúltú náisiúntacht arna deonú ag Stát eile a aithint, in éagmais fíornasc nó ceangal idir an duine aonair sin agus an náisiúntacht a mhaíonn sé a bheith aige. Tá rialú CBI teoranta do cheadú do Stáit staonadh ó náisiúntacht arna deonú in éagmais fíornasc idir duine agus an Stát a mhaíonn sé a bheith ina náisiúnach de a aithint. Ní cheanglaíonn sé ar Stáit a éileamh gurb ann do nasc amhail eatarthu féin agus a náisiúnaigh féin nó idir Stáit eile agus a náisiúnaigh.[65] Chun críocha na caingne seo, tá sé tábhachtach a chur in iúl nár shainigh CBI an coincheap 'fíornasc' faoin dlí idirnáisiúnta, gan trácht ar a éileamh ar Stáit náisiúntacht a bhronnadh trí thagairt chuige sin. A mhalairt ar fad atá ann: chinn CBI gur do 'gach Stát ceannasach atá sé, a shocrú lena reachtaíocht féin na rialacha a bhaineann le fáil a náisiúntachta …'[66] Leanann sé ón mbreithiúnas in *Nottebohm*, ar a laghad dar le CBI, gur ábhar iad na rialacha le haghaidh náisiúntacht a dheonú do Stáit aonair.

57. Níl aon difríocht shuntasach idir dlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta maidir leis an gceist cé acu an bhfuil gá gurb ann d'fhíornasc idir duine aonair agus an Stát dá bhfuil sé ina náisiúnach, ós rud é nach bhforchuirtear ceanglas amhail le ceachtar acu. Is ábhar den dlí náisiúnta iad na

[63] Féach breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *Stadt Duisburg (Cailleadh náisiúntacht na Gearmáine)* (C-684/22 go C-686/22, EU:C:2024:345, míreanna 56 go 65 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach, i gcodarsnacht leis sin, an breithiúnas in *Préfet de Gers*, mír 62, inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach bhfuil feidhm ag an oibleagáid scrúdú aonair a dhéanamh ar chomhréireacht na n-iarmhairtí de chailleadh shaoránacht an Aontais i gcásanna a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais i leith chailleadh an stádais sin mar thoradh uathoibríoch ar chinneadh ceannasach d'iar-Bhallstát chun tarraingt siar ón Aontas Eorpach.

[64] Rugadh Freidrich Nottebohm, náisiúnach Gearmánach, sa Ghearmáin in 1881. In 1905, chuaigh sé chun cónaí i nGuatamala agus d'oscail sé gnólacht. In 1939, díreach i ndiaidh tús an Dara Cogadh Domhanda, chuir sé isteach ar náisiúntacht Lichtinstéin. Nuair a bhfuair sé pas Lichtinstéin i Nollaig 1939, fuair Nottebohm víosa ann ó Chonsal Ginearálta Ghuatamala in Zurich. Chuaigh sé ar ais go dtí Guatamala ag tús 1940 chun a ghníomhaíochtaí gnó a atosú. In 1943, ghabh údaráis Ghuatamala Nottebohm arna iarraidh sin ag Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá, tugadh trasna é chuig fórsaí armtha Stáit Aontaithe Mheiriceá agus rinneadh é a aistriú chuig na Stáit Aontaithe áit ar coinníodh faoi choimeád é gan triail ar feadh 2 bhliain agus 3 mhí. Thionscain údaráis Ghuatamala imeachtaí dlíthiúla i gcoinne Nottebohm d'fhonn a mhaoin a dhíshealbhú, gan chúiteamh. I mí na Nollag 1951, thionscain Rialtas Lichtinstéin imeachtaí os comhair CBI inar lorg sé aisghabháil agus cúiteamh i gcoinne Rialtas Ghuatamala mar gheall ar a ghníomhaíochtaí i leith Nottebohm mar dhuine agus i leith a mhaoine. Mhaígh Rialtas Ghuatamala go raibh an t-éileamh sin do-ghlactha, ar an bhforas, *inter alia*, gur mhainnigh Prionsacht Lichtinstéin a chruthú go bhfuair Nottebohm, 'dá raibh sí ag gníomhú chun a chosaint', náisiúntacht Lichtinstéin go cuí i gcomhréir le dlí an Stáit sin. Scrúdaíonn breithiúnas CBI, atá srianta do cheist na hinghlacthachta, 'cé acu an féidir braith ar an náisiúntacht arna deonú do Nottebohm i gcoinne Guatamala sna himeachtaí sna tionscnaimh os comhair CBI'.

[65] Féach, de réir análaí, Airteagal 3(1) den Choinbhinsiún Eorpach um an Náisiúntacht an 6 Samhain 1997, ina bhforáiltear mar seo a leanas 'cinnfidh gach Stát faoina dhlí féin cé hiad a náisiúnaigh féin'. Foráiltear le hAirteagal 3(2) de 'go nglacfaidh Stáit eile leis an dlí seo a mhéid a bhfuil sé comhsheasmhach le coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme, an dlí idirnáisiúnta gnách agus na prionsabail dlí a aithnítear go ginearálta maidir le náisiúntacht.' Féach freisin Airteagal 1 den Choinbhinsiún ar Cheisteanna Áirithe a Bhaineann le Coinbhleacht idir Dlíthe ar Náisiúntacht (arna ghlacadh an 13 Aibreán 1930, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 1937) 179 LNTS 4137 (an 'Coinbhinsiún maidir le Coinbhleacht idir Dlíthe ar Náisiúntacht'), a bhfuil a théacs nach mór comhionann le hAirteagal 3(1) agus (2) den Choinbhinsiún Eorpach um an Náisiúntacht. Foráiltear le hAirteagal 2 den Choinbhinsiún maidir le Coinbhleacht idir Dlíthe ar Náisiúntacht 'go gcinnfear aon cheist maidir le cé acu an bhfuil náisiúntacht Stáit ar leith ag duine i gcomhréir le dlí an Stáit sin.' Tá na tagairtí don dlí idirnáisiúnta sna coinbhinsiúin seo ciorclach ar bhealach. D'fhéadfaí a bheith ag coinne leis go saineodh coinbhinsiúin amhail na híoschoinníollacha a éilítear leis an dlí idirnáisiúnta nuair a dheonaíonn Stát náisiúntacht do dhuine, nó ar a laghad go dtabharfadh siad creat leo. Léirítear, i mo thuairim, le seachaint chórasach na gcoinbhinsiún seo íoschaighdeán fiú a bhunú sa réimse seo rún soiléir an sainiú ar náisiúntacht agus na coinníollacha dá deonú a fhágáil do dhlíthe na Stát aonair. Leanann sé as sin, go dtí seo, nach raibh ach tionchar imeallach ag an dlí idirnáisiúnta sa réimse seo.

[66] Lean CBI ar aghaidh trí dhearbhú '… níl gá a chinneadh cé acu an bhforchuirtear leis an dlí idirnáisiúnta aon teorainneacha ar a shaoirse cinnidh sa réimse seo. Thairis sin, tá a héifeachtaí is láithrí, is forleithne agus, d'fhormhór daoine, a héifeachtaí amháin ag náisiúntacht laistigh de dhlíchóras an Stáit a dheonaíonn í. Feidhmíonn náisiúntacht thar aon ní eile chun a chinneadh an mbaineann an duine dá ndeonaítear í leas as na cearta agus an bhfuil siad faoi cheangal na n-oibleagáidí a dheonaítear do, nó a fhorchuirtear ar, a náisiúnaigh le dlí an Stáit faoi cheist. Tugtar an méid seo le tuiscint leis an gcoincheap níos leithne go bhfuil náisiúntacht faoi dhlínse inmheánach an Stáit'.

coinníollacha le haghaidh náisiúntacht a dheonú,[67] cé go dtugtar roinnt urraime do na rialacha idirnáisiúnta in aghaidh daoine a fhágáil gan stát agus tharlódh sé go dtugtar urraim do chearta daonna agus nós imeachta na ndaoine lena mbaineann. I gcomhthéacs dhlí an Aontais, coisctear le Dearbhú Uimh. 2 agus an sraith cásdlí *Micheletti* Ballstáit ó staonadh deonú náisiúntachta arna dhéanamh ag Ballstát eile a aithint, agus is cosúil go dtacaíonn an breithiúnas in *Nottebohm* leis sin.[68] Níl aon bhunús loighciúil freisin don mhaíomh ós rud é go gceanglaítear ar Bhallstáit náisiúntacht arna deonú ag Ballstáit a aithint, nach mór go mbeidh riail ar leith ina ndlíthe náisiúnta, gan trácht ar riail lena n-éilítear 'fíornasc' mar choinníoll chun an náisiúntacht sin a bheith i seilbh. Is ionann dualgas faoi dhlí an Aontais chun náisiúntacht arna deonú ag Ballstáit eile a aithint agus aitheantas cómhalartach ar, agus urraim do, cheannasacht gach Ballstáit – agus ní bealach é chun an bonn a bhaint d'inniúlachtaí eisiacha na mBallstát sa réimse seo. Dá gcinnfí a mhalairt chuirfí an chothromaíocht arna cruthú go cúramach idir saoránacht náisiúnta agus saoránacht an Aontais sna Conarthaí trí chéile agus dhéanfaí creimeadh iomlán neamhdhleathach ar inniúlachtaí na mBallstát i réimse an-íogair a chinn siad go follasach a choimeád faoina smacht eisiach.

58. Leanann sé as sin, i mo thuairim, nár éirigh leis an gCoimisiún a léiriú, d'fhonn náisiúntacht a dheonú go dleathach, go gceanglaítear le hAirteagal 20 CFAE go bhfuil 'fíornasc' nó 'fíornasc roimh ré' ann idir Ballstát agus duine aonair thairis aon nasc a cheanglófaí le dlí náisiúnta Ballstáit. D'fhéadfadh go bhfuil cás ann le freagairt ag Poblacht Mhálta maidir leis an dara agus tríú céim de chás an Choimisiúin: cuirtear ina luí orm áfach le cur i bhfeidhm dílis chur chuige trí chéim an Choimisiúin nach bhfuil gá don Chúirt Bhreithiúnais dul níos faide ná rialú a thabhairt ar an gcéad chéim. In éagmais cruthúnas ar aon sárú eile ar dhlí an Aontais, molaim don Chúirt Bhreithiúnais an chaingean seo a dhíbhe.

Costais

59. Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.

60. Sa chás seo, d'iarr an Coimisiún agus Poblacht Mhálta, faoi seach, go n-ordófar don pháirtí eile sna himeachtaí na costais a íoc.

61. Ós rud é gur iarr Poblacht Mhálta na costais agus nár éirigh leis an gCoimisiún, ní mór a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

Conclúid

62. I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, molaim don Chúirt Bhreithiúnais:

– caingean an Choimisiúin a dhíbhe;

[67] Níl aon rialacha a ghlactar leo go huilíoch le haghaidh náisiúntacht a fháil faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí idirnáisiúnta. Is é seo an cás cé go bhféadfadh Stáit náisiúntacht a dheonú go minic bunaithe ar (leaganacha malartacha de) rialacha nó coincheapa gnácha amhail *ius soli* nó *ius sanguinis*. Féach, de réir análaí, Airteagal 6(1)(a) den Choinbhinsiún Eorpach um an Náisiúntacht.

[68] Ina Thuairim in *Micheletti agus páirtithe eile* (C-369/90, EU:C:1992:47, mír 5), dhearbhaigh an tAbhcóide Ginearálta Tesauro nár chreid sé 'gurb ionann an cás os comhair na Cúirte Breithiúnais agus suíomh cuí chun na fadhbanna a bhaineann le náisiúntacht éifeachtach a ardú, a bhfuil a bunús aici i 'dtréimhse rómánsúil' de chaidrimh idirnáisiúnta agus, go háirithe, sa choincheap den chosaint taidhleoireachta; agus thairis sin níl aon ábharthacht ag an mbreithiúnas clúiteach (agus, is fiú a choimeád i gcuimhne, conspóideach) in *Nottebohm* de chuid CBI'.

– a ordú don Choimisiún a chostais a íoc chomh maith le costais Phoblacht Mhálta.